OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

| | |
|---|---|
| Cód: | QA246 |
| Teideal: | **Comhpháirtíochtaí Comhoibríocha** |
| Dáta: | 06/06/2018 |
| Faomhadh: | Foghlaim, Teagasc agus Measúnacht |

**1.0 Aidhm**
Faomhadh agus athbhreithniú ar chomhpháirtíochtaí comhoibríocha as a dtagann dámhachtainí Ollscoil na Gaillimhe

**2.0 Cur síos**
Is comhaontuithe foirmiúla iad comhpháirtíochtaí comhoibríocha le heagraíochtaí tríú páirtí chun cláir mhúinte as a mbronntar dámhachtainí Ollscoil na Gaillimhe a dhearadh agus/nó a sheachadadh. I measc na samplaí de chomhaontuithe tá:

- **Comhaontuithe idirghníomhaíochta** a earcaíonn mic léinn ó Ollscoileanna eile go dtí céimeanna níos déanaí de chláir shonracha in Ollscoil na Gaillimhe
- **Comhchéimeanna/céimeanna dúbailte nó ilchéimeanna** ina dtugann mic léinn faoi chlár amháin agus ina bhfaigheann siad dámhachtainí ó gach Ollscoil chomhpháirtíochta
- **Comhchéimeanna taighde** ina ndéanann mic léinn clár amháin ina bhfuil gnéithe ó dhá Ollscoil ar a laghad agus ina bhfaigheann siad comhdhámhachtain amháin ó na hOllscoileanna rannpháirteacha uile
- **Cláir Chomhoibríocha** ina ndéanann dhá Ollscoil nó níos mó clár a fhorbairt agus a sheachadadh i gcomhpháirt ach ní bhronnann Ollscoil na Gaillimhe ach céim ar a mic léinn chláraithe féin amháin
- **Soláthraithe Nasctha** i gcás nach bhfuil institiúidí eile in ann a gcéimeanna féin a bhronnadh, ach go bhfuil siad páirteach i gcomhdhearadh agus/nó seachadadh clár a bhfuil gradam OÉ Gaillimh mar thoradh air

Ní áirítear **malartuithe mac léinn, socrúcháin ná intéirneachtaí** faoin bpolasaí seo.

2.1 Tionscnamh agus Forbairt

Is príomhthionscnamh straitéiseach do Scoileanna, do Choláistí agus don Ollscoil iad comhpháirtíochtaí comhoibríocha agus ní mór go mbeadh baint ag an Meabhránaí agus/nó ag an Déan leo ag tús na forbartha. Ní mór do Rúnaí na hOllscoile agus don oifig dlí agus don Oifig Feabhais a bheith páirteach freisin sula ndéanfar aon chomhaontú i scríbhinn nó ó bhéal. Sainmhínítear comhpháirtíochtaí comhoibríocha go foirmiúil i Meabhrán Tuisceana (MOU) nó i Meabhrán Comhaontaithe (MOA). Ní mór sonraí MOU/MOA a fhorbairt i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara uile a luaitear thuas.

2.2 Comhpháirtíochtaí Comhoibríocha a cheadú

Ní mór faomhadh ón gComhairle Acadúil de ghnáth a bheith ag comhpháirtíochtaí comhoibríocha. Is féidir leis an Meabhránaí cinneadh a dhéanamh an féidir leis an Déan roinnt comhaontuithe (e.g. comhaontuithe idirghníomhaíochta agus comhchéimeanna) a fhaomhadh trí ghnáthchoistí faofa clár ‘neamhspleách’ (e.g. Boird na gColáistí, an Chomhairle Acadúil, etc.).

2.3 Treoirlínte Mionsonraithe

Tá treoirlínte mionsonraithe, ar ghlac Ollscoil na  Gaillimhe leo mar chuid den pholasaí seo, chun comhpháirtíochtaí comhoibríocha a bhunú agus a athbhreithniú, le fáil sna polasaithe agus sna treoirlínte seachtracha seo a leanas (tá MOE/MOA samplacha le fáil sna treoirlínte seo) agus ba chóir breathnú orthu sula lorgaítear faomhadh:

- *"Polasaí do Chláir Chomhoibríocha, Cláir Thrasnáisiúnta agus Comhdhámhachtainí"* (QQI, 2012).
- *"Treoirlínte maidir le Faomhadh, Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Sholáthar Comhoibríoch agus Trasnáisiúnta"* (IHEQN, 2013) – le treoirlínte maidir le MOU/MOA a fhorbairt.
- "*An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012".*

2.4 Athbhreithniú ar Chomhpháirtíochtaí Comhoibríocha

Ní mór do Bhord na Scoile agus do Bhord an Chláir, in Ollscoil na  Gaillimhe, gach comhpháirtíocht chomhoibríoch a athbhreithniú uair amháin ar a laghad gach seacht mbliana, seachas iad siúd a shainmhínítear mar Sholáthraithe Nasctha (féach thíos). Féadfaidh scoileanna an próiseas athbhreithnithe atá leagtha amach sa pholasaí a leanúint: '**QA006 Athbhreithniú ar Chláir Mhúinte**' a mholann athbhreithneoir neamhspleách a úsáid mar scrúdaitheoir seachtrach de ghnáth. I measc na n-athbhreithneoirí eile beidh comhaltaí Bhord an Chláir agus saineolaithe agus comhairleoirí eile ón Ollscoil. Tá an Oifig Feabhais ar fáil le comhairle agus cúnamh eile a thabhairt don athbhreithniú.

Ní mór don Oifig Feabhais athbhreithniú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí comhoibríocha a shainmhínítear mar **Sholáthraithe Nasctha** i gcomhairle le Bo(i)rd an Chláir. Tá athbhreithniú na hOifige Feabhais ar Sholáthraithe Nasctha clúdaithe go sonrach ag an bpolasaí: '**QA009 Athbhreithniú ar Sholáthraithe Nasctha**'.

Féadfaidh Stiúrthóirí Cláir agus ionadaithe eile sa Scoil, sa Choláiste nó san Ollscoil athbhreithniú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí comhoibríocha a bhfuil níos mó ná clár amháin iontu, chomh maith le hathbhreithniú neamhspleách a bhfuil cur síos air thuas. Tá an Oifig Feabhais ar fáil le comhairle agus cúnamh eile a chur ar fáil in athbhreithniú den chineál sin.

2.5 Taifead ar Chomhpháirtíochtaí Comhoibríocha

Ní mór sonraí na gComhpháirtíochtaí Comhoibríocha go léir a chur ar taifead agus a choinneáil i **stór** a bhainistíonn an Oifig Feabhais agus iad a chur ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Feabhais. Ní mór cóip de gach MOU/MOA a chur ar aghaidh chuig an Oifig Feabhais agus a chur ar fáil sa stór.

2.6 Rannpháirtíocht na Mac Léinn

Féachtar ar mhic léinn mar chomhpháirtithe i bpobal foghlama a bhfuil na cearta agus na freagrachtaí céanna acu a bheadh ag saoránacht dhaonlathach. Ní mór do mhic léinn a bheith páirteach i ngach céim lárnach den phróiseas athbhreithnithe, lena n-áirítear:

- Meastóireacht rialta ó Mhic Léinn ar Theagasc ar mhodúil agus ar chláir araon
- Céim an Fhéinmheasúnaithe den Athbhreithniú Feabhais
- Mar phríomhghrúpa leasmhar le cur faoi agallamh ag Athbhreithneoirí le linn na Cuairte Athbhreithnithe

**3.0 Freagrachtaí**

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| AMT | Úinéir polasaí |
| Bord an Choláiste, na Scoile nó an Chláir | An comhaontú comhpháirtíochta comhoibríoch agus an t-athbhreithniú tréimhsiúil a chur i bhfeidhm seachas ar Sholáthraithe Nasctha |

| | |
|---|---|
| An Oifig Feabhais | Athbhreithniú tréimhsiúil ar Sholáthraithe Nasctha agus stór na gcomhpháirtíochtaí a choinneáil |
| Comhpháirtí Comhoibríoch | Polasaithe agus Nósanna Imeachta Ollscoil na Gaillimhe a chomhlíonadh, lena n-áirítear caighdeáin agus treoirlínte seachtracha |

*Féach an* ***Stór P&P*** *ar* ***láithreán gréasáin na hOifige Feabhais***
*chun polasaithe, nósanna imeachta, rialacháin agus treoirlínte eile a fheiceáil*